**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia*

**2024/2030(DEC)**

21.11.2024

# DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na ngníomhaireachtaí AE don bhliain airgeadais 2023
(2024/2030(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Antonio Decaro

## TUAIRIM

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na nithe seo a leanas a ionchorprú ina thogra le haghaidh cinnidh:

***Breithnithe ginearálta***

1. á chur in iúl gur geal léi an comhar cuiditheach idir Parlaimint na hEorpa agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA), an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) agus an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) (na Gníomhaireachtaí), arna léiriú, inter alia, leis na malartuithe bliantúla tuairimí a bhí ar siúl in 2023 sa Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI);

2. á mheas gur príomhghné den ghrinnscrúdú a dhéanann Parlaimint na hEorpa orthu iad cuairteanna rialta ar na Gníomhaireachtaí; ag tabhairt dá haire, ina leith sin, gur éirigh go maith le toscaireacht ENVI chuig EMA i mí Feabhra 2023 agus chuig ECHA i mí Aibreáin 2023;

3. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur dhearbhaigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) go raibh idirbhearta na nGníomhaireachtaí is bun leis na cuntais bhliantúla don bhliain airgeadais 2023 dlíthiúil agus rialta ar gach slí ábharach, agus go bhfuil léiriú cothrom ar a staid airgeadais, an 31 Nollaig 2023, ar gach slí ábharach;

4. á chur in iúl gur geal léi na bearta a rinne na gníomhaireachtaí i bhfianaise mholtaí Pharlaimint na hEorpa ina hurscaoileadh don bhliain airgeadais 2022; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé iarrachtaí na nGníomhaireachtaí a mhéadú ó thaobh comhar le gníomhaireachtaí eile agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, digitiú, agus cothromaíocht inscne agus gheografach i bpoist ardbhainistíochta;

5. á chur in iúl gur geal léi go ndearna na Gníomhaireachtaí gníomhaíochtaí ceartaitheacha éifeachtacha tar éis fhormhór bharúlacha 2022 ó CIE; ag tabhairt barúlacha 2023 do na Gníomhaireachtaí dá haire, go háirithe barúlacha a bhaineann le seiceálacha ex ante, agus á iarraidh orthu obair leantach éifeachtach a áirithiú.

***Cuid I – Urscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) don bhliain airgeadais 2023***

1. ag aithint an róil lárnaigh atá ag an ECDC, luaihe thuas agus a Rialú i mbagairtí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn ar shláinte an duine ó ghalair theagmhálacha agus ó shaincheisteanna sláinte speisialta lena mbaineann a shainaithint agus a mheasúnú, chun feabhas a chur ar acmhainneacht an Aontais agus na mBallstát chun sláinte an duine a chosaint trí ghalair theagmhálacha i ndaoine agus fadhbanna sláinte speisialta lena

mbaineann a chosc agus a rialú;

2. ag tabhairt dá haire go ndearnadh sainordú ECDC a leathnú tar éis Rialachán (AE) 2022/2370[1] a ghlacadh, a tháinig i bhfeidhm an 13 Nollaig 2022, chun creat slándála sláinte i réimsí fhaireachas eipidéimeolaíochta an Aontais a neartú; á chur in iúl gur geal léi gur chuir ECDC tús lena sainordú nua a chur chun feidhme trí athbhreithniú a dhéanamh ar mhódúlachtaí comhoibrithe lena bpríomh-chomhpháirtithe agus lena ngeallsealbhóirí, mar aon le struchtúr agus le hábhar a straitéise 2021-2027;

3. á chur in iúl gur geal léi an fhorbairt leanúnach ar an gcreat Aon Sláinte Amháin agus cruthú an tascfhórsa Aon Sláinte Amháin chun an comhar le EMA, EFSA, EEA agus ECHA a neartú; ag tabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé dea-chomhar agus comhar cothrom a áirithiú idir na gníomhaireachtaí;

4. á chur in iúl gur geal léi, tar éis na mbarúlacha in urscaoileadh 2022, an síniú socruithe oibre idir ECDC agus an tÚdarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA) chun forluí agus dúbláil iarrachtaí a sheachaint;

5. á chur in iúl gur geal léi go raibh ECDC in ann 90% de na haschuir a bhí beartaithe ina Dhoiciméad Clársceidealaithe Aonair 2023−2025 a thabhairt chun críche, le 5% de na haschuir bheartaithe curtha siar, agus le 4% díobh curtha ar ceal, moillithe, gan bheith curtha chun feidhme nó gan bheith infheidhme faoi dheireadh na bliana.

***Cuid II – Urscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) don bhliain airgeadais 2023***

1. á aithint go bhfuil ECHA ríthábhachtach maidir le líon méadaitheach de reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme, lena rialaítear ceimiceáin ar mhaithe leis an tsláinte phoiblí agus leis an gcomhshaol, agus ar mhaithe leis an nuálaíocht agus leis an iomaíochas; á aithint go ndéanann ECHA méid ollmhór faisnéise maidir le ceimiceáin a bhailiú, a mheasúnú agus a scaipeadh, go gcabhraíonn sé le cuideachtaí reachtaíocht a chomhlíonadh agus go gcuireann sé úsáid shábháilte ceimiceán chun cinn;

2. ag tabhairt faoi deara go mbraitheann buiséad na ngníomhaireachtaí ar tháillí bailithe agus ar an ranníocaíocht ó bhuiséad ginearálta an Aontais; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, tar éis ardú in 2022, go bhfuil laghdú tagtha arís ar ioncam táille na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán in 2023, rud a mhéadaíonn spleáchas ar an Aontas chun a chuid oibríochtaí a mhaoiniú; á chur i bhfáth gur gá aghaidh a thabhairt ar easpa intuarthachta ioncam táille ECHA agus á iarraidh an athuair go gcuirfí feabhas ar chinnteacht bhuiséadach ECHA trína thogra maidir le neartú rialachas ECHA a chur i láthair, i gcomhréir lena ghealltanas a cuireadh in iúl sa Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht;

3. á mheabhrú gur gá soláthar maith foirne leormhaith a áirithiú lena léirítear riachtanais

---

[1] Rialachán (AE) 2022/2370 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 851/2004 lena mbunaítear lárionad Eorpach um ghalair a chosc agus a rialú (*IO L 314, 6.12.2022, lch. 1-25*) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2370/oj)

an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus Straitéis Ceimiceán an Aontais um an Inbhuanaitheacht, an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach agus, go háirithe, an sprioc maidir le truailliú nialasach agus an méadú gaolmhar ar chúraimí;

4. á aithint gur thug ECHA a cuid cúraimí rialála chun críche faoi reachtaíocht an Aontais maidir le ceimiceáin, go háirithe REACH agus CLP, gur thug sé cúnamh eolaíoch-teicniúil don Choimisiún maidir le Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht a chur chun feidhme, chomh maith le hobair a ullmhú agus a thosú maidir le cur chun feidhme cúraimí rialála nua faoin Treoir maidir le hUisce Óil, faoin Rialachán maidir le Ceallraí agus faoin Rialachán maidir le Bagairtí Tromchúiseacha Trasteorann ar an tSláinte;

5. á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an Straitéis Chomhtháite Rialála agus leis an bPlean Chomhpháirtigh Gníomhaíochta Meastóireachta; ag aithint na bhforbairtí maidir le substaintí agus grúpaí substaintí a bhféadfaí gníomhaíocht rialála a chur chun feidhme orthu a shainaithint; á chur in iúl gur oth léi nár éirigh le ECHA, áfach, eochairtháscairí a chomhlíonadh chun chun substaintí guaiseacha a shainaithint agus tosaíocht a thabhairt dóibh; á chur i bhfáth gur gá sainaithint substaintí guaiseacha a chomhlánú chun a n-úsáid shábháilte a áirithiú;

6. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí ECHA úsáid roghanna malartacha ar thástáil ar ainmhithe don mheasúnú rialála ar cheimiceáin a chur chun cinn agus tuiscint a chothú ar na deiseanna agus na dúshláin a bhaineann le himeacht ó thástáil ar ainmhithe agus ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol á áirithiú ag an am céanna;

7. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil sé deacair dóthain saineolaithe ó na Ballstáit a earcú do Choistí Eolaíocha ECHA, rud a chruthaíonn an baol nach mbeadh sé de chumas ag an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán spriocdhátaí agus spriocanna dlíthiúla a chomhlíonadh i bpróisis reachtacha atá ag brath ar aschuir an Choiste, go háirithe i bhfianaise cúraimí méadaitheacha a a shanntar do ECHA;

8. á chur in iúl gur geal léi Ráiteas Straitéise na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán 2024 - 2028 a glacadh i mí na Nollag 2023, ina leagtar amach tosaíochtaí ginearálta beartais le haghaidh ECHA i gcur chun feidhme a shainordaithe athraithigh.

***Cuid III –Urscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil (EEA) don bhliain airgeadais 2023***

1. á chur i bhfáth go soláthraíonn EEA faisnéis fhónta, neamhspleách maidir leis an gcomhshaol; ag moladh cháilíocht a aschur a eisíodh in 2023, amhail *Conairí i dtreo Plaisteigh Chiorclacha san Eoraip — samplaí de dhea-chleachtais ó thíortha, ó ghnó agus ó shaoránaigh, Measúnú a dhéanamh ar chostais agus tairbhí an oiriúnaithe don athrú aeráide* agus *Éiceachórais foraoise na hEorpa: comhghuaillithe tábhachtacha i bhforbairt inbhuanaithe*;

2. ag aithint inoiriúnaitheacht EEA, a d'eisigh, i dteannta na bhfoilseachán atá beartaithe aige in 2023, saothair bhreise maidir le hábhair ó dhálaí adhaimsire go sláinte an duine, amhail *An tábhacht a bhaineann le dúlra a athbhunú san Eoraip*, lena léiritear a

acmhainneacht tionchar a imirt ar dhíospóireachtaí beartas reatha a eascraíonn as cúinsí athraitheacha agus iad a spreagadh;

3. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé de chúram EEA dul chun cinn i dtreo an 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil a rianú, a chuireann leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus a leagann amach creat bheartas comhshaoil an Aontais go dtí 2030, le príomhchuspóir fadtéarmach do 2050 maidir le maireachtáil go maith laistigh de na teorainneacha pláinéadacha; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur eisíodh an chéad thuarascáil bhliantúil maidir le faireachán i mí na Nollag 2023, ar bhonn sraith de 28 dtáscaire ceannlíne  agus spriocanna comhfhreagracha amhail maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, an geilleagar ciorclach agus an bhithéagsúlacht;

4. ag tabhairt dá haire, i mí an Mheithimh 2023, agus tar éis don Choimisiúin réamhroghnú a dhéanamh, don Bhord Bainistíochta roghnú a dhéanamh agus éisteacht in ENVI, go ndeachaigh Leena Ylä-Mononen i mbun an róil mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin EEA i gcomharbacht ar Hans Bruyninckx, a bhí sa ról ar feadh 10 mbliana; á chur in iúl gur díol sásaimh di an próiseas gasta agus éifeachtach as ar tháinig an ceapachán sin;

5. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur bhunaigh EEA, tar éis moltaí ón údarás um urscaoileadh in 2022, próisis faireacháin rialta ar dhul chun cinn cur chun feidhme príomhthuarascálacha agus measúnuithe agus fócas níos láidre ar tháscairí le déanaí, agus gur bhain sé amach ráta forghníomhaithe buiséid 100 % den bhuiséad bliantúil, ráta seachadta 100% de na príomhthuarascálacha agus na príomhmheasúnuithe  agus rannpháirtíocht ard le príomh-gheallsealbhóirí agus comhpháirtithe líonra i rith na bliana;

6. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, in ainneoin gur cúraimí ilbhliantúla iad cúraimí EEA, go bhfuil éagothroime ann maidir le líon na bpost buan i gcomparáid le poist chonarthacha, chomh maith le foireann oibríochtúil i gcomparáid le foireann tacaíochta, rud a fhágann go bhfuil gá leanúnach le hathsciliú agus go bhfuil ró-ualach oibre riaracháin d’eolaithe ann freisin; á mheas, agus an méadú suntasach ar an ualach oibre á chur san áireamh, agus chun na cúraimí maidir le spriocanna an Aontais maidir le neodracht aeráide, an geilleagar ciorclach agus athbhunú dúlra, *inter alia*, a dhéanamh i gceart, gur cheart go leanfadh líon foirne EEA de bheith ag fás go suntasach sna blianta atá le teacht;

***Cuid IV –Urscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na húdaráis Eorpaí um Shábháilteacht Bia(EFSA) don bhliain airgeadais 2023***

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di rannchuidiú EFSA le sábháilteacht shlabhra bia agus beatha an Aontais, agus a iarrachtaí suntasacha i dtaobh comhairle chuimsitheach, neamhspleách agus chothrom le dáta maidir le ceisteanna atá nasctha leis an slabhra bia a sholáthar do bhainisteoirí riosca, faisnéis a chur in iúl go soiléir don phobal maidir lena aschur agus an eolas ar a bhfuil siad bunaithe, agus i dtaobh comhoibriú le páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe institiúideacha chun comhleanúnachas agus iontaoibh sa chóras sábháilteachta bia a chur chun cinn;

2. á chur in iúl gur díol sásaimh di rannpháirtíocht EFSA le hobair ENVI agus ar bhonn níos ginearálta, rannpháirtíocht EFSA le tionscnaimh a bhaineann leis na straitéisí 'ón bhfeirm go dtí an forc’ agus 'Ceimiceáin an Aontais', agus béim ar leith á leagan ar lotnaidicídí, cothú, leas ainmhithe agus measúnú ar rioscaí ceimiceacha, lena n-áirítear ardán Eorpach maidir le sonraí faoi cheimiceáin a bhunú;

3. ag tabhairt dá haire gur dhún EFSA 660 ceist eolaíoch in 2023, beagán faoi bhun na sprice 673, ach níos fearr na an toradh a baineadh amach ó 2020; á thabhairt chun suntais gur gá béim a leagan ar an méid ceisteanna ar feitheamh a laghdú; á chur in iúl gur díol sásaimh di na bearta eisceachtúla a cuireadh i bhfeidhm chun luas an phróisis Measúnaithe Riosca a mhéadú;

4. ag tabhairt dá haire, de réir an tSuirbhé Straitéise Bhliantúil a sheol EFSA inar iarradh aiseolas óna chustaiméirí, óna chomhpháirtithe agus óna gheallsealbhóirí atá bainteach go díreach nó go hindíreach le seachadadh tuairimí eolaíocha EFSA, go dtugtar aird i gcónaí ar chumas EFSA a chomhairle a sholáthar go tráthúil, mar a tharla sa bhliain roimhe sin; á iarraidh ar EFSA na bearta is gá chun feabhas a chur ar an ngné sin a chur chun feidhme;

5. á thabhairt chun suntais gur gá go bhforbróidh EFSA comhar láidir lena gcuid geallsealbhóirí, amhail na Ghníomhaireachtaí uile le haghaidh naisc agus scaipeadh aschuir níos fearr; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur fhorbair EFSA comhar leis na Ballstáit, amhail an méadú tacaíochta dophointí fócasach, dírithe go príomha ar thacaíocht i réimse an bhailithe sonraí agus na cumarsáide;

6. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur lean EFSA ar aghaidh le cur chun feidhme an struchtúir eagraíochtúil nua a cuireadh i bhfeidhm in 2022 chun Rialachán Trédhearcachta a léiriú; á thabhairt chun suntais gur gá éifeachtúlacht agus trédhearcacht in ollstruchtúr phróisis EFSA a fheabhsú

*Cuid V –Uurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA) don bhliain airgeadais 2023*

1. á athdhearbhú go bhfuil ról lárnach ag EMA maidir le sláinte an duine agus sláinte ainmhithe a chosaint trí mheasúnú agus maoirseacht a dhéanamh ar chógais leighis lena n-úsáid ag an duine nó le haghaidh úsáid tréidliachta agus an tsláinte phoiblí a chosaint trí fheasacht a mhúscailt maidir le príomh-shaincheisteanna lena n-áirítear frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha agus galair theagmhálacha a chosc trí vacsaíniú;

2. ag tabhairt dá haire gur mhol EMA 77 gcógas leighis nua don duine le haghaidh údarú margaíochta in 2023, lena n-áirítear 39 substaint ghníomhacha nua, agus 14 chógas leighis tréidliachta nua, lena n-áirítear 9 substaint ghníomhacha nua; á chur in iúl gur geal léi gur dheimhnigh EMA seacht n-ainmniúchán déag ar stádas dílleachta faoi chreat an Aontais maidir le cógais dílleachta, arb é is cuspóir dóibh forbairt agus margú cógas d’othair a bhfuil galair neamhchoitianta orthu a spreagadh;

3. ag tabhairt dá haire gur chinn EMA deireadh a chur lena bhearta leanúnachais gnó COVID-19, i gcomhréir le dearbhú na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le deireadh COVID-19 mar éigeandáil sláinte poiblí arb ábhar imní ar leibhéal idirnáisiúnta í; á chur in iúl gur geal léi gur chuir sé ar chumas EMA a fhócas a athrú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin eile, lena n-áirítear bailchríoch a chur ar oibleagáidí sínte EMA maidir le sainordú, ar na rialacháin maidir le feistí leighis agus feistí leighis *in vitro* (MDR/IVDR), agus ar an gcéad mhachnamh ar an togra ón gCoimisiún Eorpach chun athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht ghinearálta chógaisíochta an Aontais maidir le cógais don duine;

4. á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí EMA rannchuidiú le tosaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear, *inter alia*, trí Phlean Sáraithe Ailse an Aontais, Straitéis Ceimiceán an Aontais um an Inbhuanaitheacht agus an Plean Gníomhaíochta Eorpach ‘Aon Sláinte Amháin’ i gcoinne Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhiocróbacha a chur chun feidhme.

5. á mheabhrú gur gníomhaireacht atá cistithe le táillí é EMA, agus 88,21 % dá ioncam le haghaidh 2023 ag eascairt as táillí ar iarratais ar cheadúnais mhargaíochta le haghaidh táirgí cógaisíochta agus le haghaidh gníomhaíochtaí iar-údarúcháin, 11,43 % ag eascairt as buiséad an Aontais agus 0,36 % ó fhoinsí éagsúla eile; á thabhairt chun suntais gur gá trédhearcacht an ioncaim sin a áirithiú agus á chur in iúl gur geal léi go mbeidh sé d’oibleagáid ar EMA amach anseo an t-ioncam bliantúil a fhaightear de réir an chineáil táille agus muirir a fhoilsiú ina thuarascáil ar ghníomhaíochtaí de réir Rialachán (AE) 2024/568[2];

6. ag tabhairt dá haire go bhfuair EMA 6 965 iarraidh ar fhaisnéis agus 709 n-iarraidh ar rochtain ar dhoiciméid in 2023 agus go gcuireann EMA córas scuaine i bhfeidhm a mbíonn moilleanna ar láimhseáil na n-iarrataí mar thoradh air; ag cur béim ar a thábhachtaí atá trédhearcacht in oibríochtaí EMA, agus dá bhrí sin ar an ngá atá le rochtain thráthúil ar fhaisnéis agus ar dhoiciméid a áirithiú;

7. ag tabhairt dá haire go raibh an staid maidir le hiar-áitreabh EMA i Londain ag éirí níos dúshlánaí in 2023, agus gur gá do EMA leibhéil shuntasacha acmhainní a thiomnú do bhainistiú réadmhaoine tráchtála i dtríú tír, rud a chuireann a phríomhghníomhaíochtaí i mbaol; á iarraidh ar an gCoimisiún réiteach polaitiúil fadtéarmach a fháil ar an tsaincheist sin agus ligean do EMA a cuid iarrachtaí a dhíriú go hiomlán ar a misean sláinte poiblí;

***Conclúid***

1. á mholadh, bunaithe ar na fíricí atá ar fáil, go ndeonófaí urscaoileadh do Stiúrthóirí Feidhmiúcháin na nGníomhaireachtaí i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireachtaí an Aontais don bhliain airgeadais 2023.

---

[2] Rialachán (AE) 2024/568 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 maidir le táillí agus muirir is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/745 agus (AE) 2022/123 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 658/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 297/95 ón gComhairle (IO L, 2024/568, 14.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/568/oj).

## IARSCRÍBHINN: LIOSTA NA nEINTITEAS NÓ NA nDAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Cathaoirleach, ina cháil mar Rapóirtéir, faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine a luadh cheana san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.